Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10505/23**

**PECHE 241**
**ENV 677**
**POLMAR 33**
**ENER 353**
**UK 123**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bpacáiste beartais iascaigh - le haghaidh earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe a bheidh inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch |

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN bPACÁISTE BEARTAIS IASCAIGH**

**le haghaidh earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe atá inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

Á MHEABHRÚ DI:

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' an 19 Deireadh Fómhair 2020[1];

- Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach[2];

- Conclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le treoirlínte straitéiseacha nua an Aontais don dobharshaothrú[3];

- Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2022 maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan maidir le haigéin agus farraigí atá sábháilte, slán, agus sláintiúil agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu[4];

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

- Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 21 Feabhra 2023 dar teideal 'An Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéin i dtreo bainistiú iascaigh inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach' (COM(2023) 103 final)[5] agus an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis dar teideal 'An Comhbheartas Iascaigh — Staid na himeartha' (SWD(2023) 103 final)[6];

[1] 12099/20.
[2] 12210/20.
[3] 11496/22.
[4] 15973/22.
[5] 6716/23 + COR 1.
[6] 6716/23 ADD 1 REV 1 + COR 1.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 21 Feabhra 2023 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: Cosaint agus athchóiriú na n-éiceachóras muirí le haghaidh iascach inbhuanaithe athléimneach,( COM(2023) 102 final)[7];

- Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 21 Feabhra 2023 dar teideal 'Maidir le hAistriú Fuinnimh earnáil Iascaigh agus Dobharshaothraithe an Aontais' (COM(2023) 100 final)[8];

- Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach an 21 Feabhra 2023 dar teideal 'Cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe' (COM(2023) 101 final)[9];

- Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 15 Samhain 2022 dar teideal 'I dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas' (COM(2022) 592 final)[10];

1. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach atá ag táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe mar fhoinse bia shláintiúil agus a mhéid a rannchuidíonn siad le slándáil an tsoláthair bia;

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an Comhbheartas Iascaigh (CBI) mar chomhbheartas lena réitítear spriocanna comhshaoil le gníomhaíocht eacnamaíoch agus gnéithe sóisialta, lenar baineadh amach go leor mar shampla saothrú líon méadaitheach stoc éisc an Aontais ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe (MSY);

---

7 6690/23 + COR 1.
8 6689/23 + COR 1.
9 6691/23 + COR 1.
10 14784/22 + ADD 1.

3. MEABHRAÍTEAR DI trí cholún na hinbhuanaitheachta in CBI lena rannchuidítear le húsáid inbhuanaithe stoc éisc agus le forbairt inbhuanaithe dhobharshaothrú an Aontais, lena n-áirithítear iomaíochas na hearnála agus lena ráthaítear caighdeán cóir maireachtála do phobail chósta agus tuaithe;

4. AITHNÍONN SÍ na spriocanna a leag an Coimisiún amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais agus an gá atá le héiceachórais mhuirí a chosaint mar a bhunaítear in CBI, lena n-áirithítear iascaigh inbhuanaithe agus lena gcaomhnaítear slite beatha iascairí;

5. AONTAÍONN SÍ leis an gcuspóir maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach, athléimneacht agus iomaíochas d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe, inar cheart ról lárnach a bheith ag nuálaíocht agus dlúthchomhar idir na páirtithe leasmhara ábhartha uile; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an gá atá le cur chuige comhoibríoch, lena n-áirithítear ceannach isteach agus tiomantas na bpáirtithe leasmhara;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go leagtar amach i bPacáiste Beartais Iascaigh an Choimisiúin Eorpaigh líon suntasach cuspóirí uaillmhianacha nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí do na Ballstáit agus d'oibreoirí sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe nach ngabhann leis an bonn taca is gá - mar atá anailís tionchair eolaíoch nó shocheacnamaíoch; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go n-éilíonn sé sin meastóireacht fhoriomlán ar leordhóthanacht an chreata dhlíthiúil, na n-ionstraimí beartais agus na n-acmhainní airgeadais laistigh de CBI chun measúnú a dhéanamh ar na cuspóirí sin ó thaobh earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe Eorpach atá inmharthana go heacnamaíoch agus nua-aimseartha lena ráthaítear soláthar cobhsaí próitéiní sláintiúla don mhargadh Eorpach do na blianta atá le teacht;

7. MEABHRAÍTEAR DI gur ann do thosca tábhachtacha nach mbaineann le hiascaigh, mar shampla an t-athrú aeráide, eotrófú, speicis choimhthíocha ionracha, creachadóirí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile, chomh maith le básmhaireacht éisc agus meath ar éiceachórais. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na tosca antrapaigineacha agus nádúrtha sin go léir ar bhealach iomlánaíoch trí bhearta cuí comhshaoil a dhéanamh lena bhféadfar, i measc nithe eile, stoic éisc a chaomhnú agus é a chur ar chumas speiceas ar lagstádas filleadh ar leibhéil shláintiúla inbhuanaithe, agus comhairle eolaíoch, idirghníomhaíochtaí iascach measctha, agus an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch á gcur san áireamh;

8. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR castacht na hearnála i bhfianaise na ndifríochtaí in earnáil iascaigh an Aontais, líon agus saintréithe na n-iascach ar mionscála, saintréithe gach imchuach farraige agus a fho-réigiúin chomh maith le sainiúlachtaí na feirmeoireachta éisc i ngach Ballstát, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí (mar a fhoráiltear in Airteagal 349 CFAE); CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR FREISIN gur gá bearta caomhnaithe a bhunú ar féidir iad a chur in oiriúint do shainiúlachtaí réigiúnacha, fo-réigiúnacha agus áitiúla agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart údar cuí a bheith leis na bearta sin, i gcomhréir leis na tairbhí atá á lorg agus bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar mheasúnú cuimsitheach lena gcuirtear gnéithe socheacnamaíocha san áireamh freisin;

*I. LEASANNA AN IASCAIGH A AISTRIÚ LASMUIGH D'UISCÍ AN AONTAIS*

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil ó rinneadh an t-athchóiriú deireanach ar an gComhbheartas Iascaigh in 2013 agus TUGANN SÍ AIRD ar na dúshláin a bhaineann leis sin d'iascairí, do tháirgeoirí dobharshaothraithe, do phobail chósta agus do na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís agus tuairisciú iomlán a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas ar fheidhmiú CBI, go háirithe maidir leis an gcaoi a ndearnadh difear do dheiseanna iascaireachta an Aontais mar thoradh ar aistrithe cuótaí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, chomh maith leis na dúshláin a eascraíonn as an réaltacht nua tar éis Brexit ina bhfuil líon mór deiseanna iascaireachta an Aontais á gcinneadh trí chomhairliúcháin bhliantúla le tríú tíortha; i ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá leasanna iascaigh an Aontais a chosaint tríd an ngné sheachtrach de CBI, go háirithe i gcomhthéacs iar-Brexit agus sa chreat nua le haghaidh chaidreamh iascaigh an Aontais leis an Ríocht Aontaithe ó 2026 ar aghaidh, agus ionstraimí agus creataí dlíthiúla ábhartha agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, fo-réigiúnacha agus earnála á gcur san áireamh; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún, nuair a mholtar bearta aontaobhacha nua, páirt a ghlacadh agus gníomhaíocht a dhéanamh go luath sa phróiseas;

10. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an gá atá le dlúthchomhar laistigh d'Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus le tríú tíortha maidir le stoic chomhroinnte ar gach leibhéal chun cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach, rialachas domhanda na n-aigéan a fheabhsú, slándáil bia agus cothaithe a mhéadú agus inmharthanacht shóisialta agus inbhuanaitheacht éiceolaíoch slabhraí luacha éisc idirnáisiúnta a fheabhsú;

11. MEASANN SÍ GUR GÁ, dá bhrí sin, go bhforbródh straitéis chuimsitheach chomhtháite don chaidreamh le tríú tíortha agus do chomhaontuithe seachtracha iascaigh amach anseo lena gcosnófar leasanna phobail chósta an Aontais chomh maith le cuótaí agus rochtain ar uiscí a bhfuil siad ag brath orthu; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá rochtain ar mhargadh aonair an Aontais nó giaráil chaibidlíochta eile a chur san áireamh sa straitéis sin, i gcás inarb iomchuí;

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE le sásamh mór agus tacaíonn sí go hiomlán le Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh a tugadh i gcrích le déanaí, arb é is aidhm dó deireadh a chur le fóirdheontais dhíobhálacha iascaigh, agus sa chomhthéacs sin iarrann sí ar an gCoimisiún gach iarracht is gá a dhéanamh chun an dara céim leanúnach den chaibidlíocht laistigh de EDT a thabhairt chun críche chun an comhaontú sin a chomhlánú maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach ag 13ú comhdháil Aireachta EDT, agus leasanna agus seasamh an Aontais á gcomhlíonadh ag an am céanna i gcomhthéacs chaibidlíocht EDT maidir le fóirdheontais iascaigh lena n-áirítear fóirdheontais bhreosla chun iascaigh atá inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta, an gheilleagair agus na sochaí de a áirithiú;

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá oibriú i dtreo chothrom iomaíochta agus slabhraí luacha freagracha agus inbhuanaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta i ngach imchuach farraige maidir leis an iascach agus leis an trádáil i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe araon, chun iomaíochas an tionscail a neartú, lena n-áirítear earnáil an iascaigh chósta ar mionscála, agus chun a áirithiú go mbeidh ceannasacht bia an Aontais ina thosaíocht don Aontas i gcomhréir le beartas nua an Aontais maidir le beartas trádála oscailte inbhuanaithe teanntásach chomh maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc';

14. ÁITÍONN SÍ nach mór feabhas a chur ar cheannasacht bia an Aontais, agus í ag obair i dtreo cothrom iomaíochta i dtaca le táirgí allmhairithe ó thríú tíortha agus á chur san áireamh gur mó ná 70 % an spleáchas seachtrach ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe; MOLANN SÍ don Choimisiúin scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir táirgí bia mara a allmhairítear ó thríú tíortha a chur faoi réir chaighdeáin chomhshaoil an Aontais agus bearta a chur chun cinn chun cothrom iomaíochta a bhunú sa deighleog sin;

15. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag gné sheachtrach CBI agus an Aontais i rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan, agus dea-shampla á thabhairt i gcosaint agus i mbainistiú inbhuanaithe na n-éiceachóras muirí;

16. IS FADA LÉI an nuashonrú atá le teacht ar an straitéis Eorpach slándála muirí agus ar a plean gníomhaíochta agus ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach atá le teacht maidir leis an Athrú Aeráide, Díghrádú Comhshaoil agus Slándáil agus Cosaint chun aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an t-athrú aeráide, díghrádú comhshaoil na limistéar cósta agus muirí agus an tslándáil mhuirí;

*II. DAOINE A CHUMHACHTÚ I bPOBAIL IASCAIREACHTA AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE*

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil athnuachan glúine ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh todhchaí inmharthana ag earnálacha iascaireachta, dobharshaothraithe agus próiseála bia mara an Aontais agus ag pobail chósta agus gur féidir leo leanúint de shlándáil bia a áirithiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh níos tarraingtí trí pheirspictíocht eacnamaíoch a chur ar fáil, dálaí sóisialta agus oibre a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an nuálaíocht, leanúint de bhithéagsúlacht na muirthimpeallachta a chosaint agus ról iascairí agus feirmeoirí dobharshaothraithe muirí a chur chun cinn mar 'caomhnóirí na farraige' agus mar sholáthraithe seirbhísí atá ar leas an phobail; TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar na deiseanna atá ann do shocruithe nuálacha a chuireann na gairmeacha sin ar fáil, mar shampla táirgeadh a nascadh le díolacháin dhíreacha nó leis an turasóireacht, go háirithe d'iascaigh chósta ar mionscála agus don dobharshaothrú, agus é á aithint ag an am céanna gur gá measúnú beacht a dhéanamh ar na deiseanna sin; IARRANN SÍ go ndéanfaí tograí nithiúla chun cur le tarraingteacht earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI seoladh an tionscadail fadbhreathnaitheachta rannpháirtíochta uile-Aontais 'Iascairí amach anseo' darb aidhm ról ríthábhachtach na n-iascairí sa tsochaí a thuar sa bhreis ar bhia mara ardcháilíochta a bhfuil lorg ísealcharbóin aige a sholáthar; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá na treochtaí, na deiseanna agus na bagairtí lena gcinntear tarraingteacht na hearnála iascaireachta a shainaithint ar bhealach níos fearr;

19. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé leibhéal iomchuí d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe a áirithiú agus an gá atá le deimhneacht dhlíthiúil san fhadtéarma chun a mealltacht a áirithiú, chomh maith le traidisiúin iascaireachta leanúnacha, ós rud é go n-éilítear le hearnáil iascaigh bhuan a fheidhmíonn go maith go mbeidh reachtaíocht iascaigh an Aontais simplí, inbhainistithe, cothrom le dáta agus oiriúnaithe don earnáil, don tsochaí agus don fhorbairt theicneolaíoch;

20. AONTAÍONN SÍ le tábhacht agus láithreacht na mban ar fud earnáil iascaigh, dobharshaothraithe agus próiseála an Aontais a fheabhsú agus a mhéadú, lena gcuirfear le giniúint an tsaibhris agus na fostaíochta agus le húsáid agus caomhnú inbhuanaithe acmhainní uisceacha;

21. MEABHRAÍTEAR DI nach mór do chabhlaigh iascaireachta an Aontais iarrachtaí a dhéanamh chun teacht ar réitigh mhalartacha agus é mar aidhm acu a gcostais oibríochtúla fuinnimh a laghdú chun brabúsacht agus athléimneacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú, agus, ar an gcaoi sin, a bheith níos éifeachtúla agus cuspóirí inbhuanaitheachta fadtéarmacha á gcoinneáil ag an am céanna;

22. MOLANN SÍ bearta chun feabhas a chur ar iomaíochas na hearnála dobharshaothraithe agus ar a hinghlacthacht shóisialta trí tháirgeadh inbhuanaithe a éagsúlú agus a mhéadú a thuilleadh, timpeallacht ghnó shláintiúil a áirithiú agus breisluach a áirithiú dá táirgí chomh maith lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar thomhaltas fuinnimh a laghdú;

23. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá córais oideachais agus gairmoiliúna atá cothrom le dáta chun feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta d'oibrithe agus ar tharraingteacht na hearnála do nuatheachtaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, go háirithe maidir leis an aistriú chuig foinsí malartacha fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin agus trealamh agus teicnící iascaireachta ísealtionchair; MOLANN SÍ, i ndáil leis an méid sin, comhpháirtíochtaí scileanna ar mórscála a bhunú;

24. TACAÍONN SÍ le hobair an Choimisiúin chun ardchaighdeáin sábháilteachta agus oibre a áirithiú d'iascairí, go háirithe ar an ardán idirnáisiúnta trí dhaingniú agus cur chun feidhme leagan athbhreithnithe an Choinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F) agus choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO); IS FADA LÉI togra le haghaidh Treoir chun cur chun feidhme ceart STCW-F a áirithiú i ndlíchóras an Aontais; MOLANN SÍ GO LÁIDIR daingniú brostaithe choinbhinsiúin EIS agus IMO;

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR róil na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus na n-eagraíochtaí idirchraoibhe chun struchtúr níos fearr a chur ar an slabhra luacha agus dálaí margaidh a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí a mball a chomhbhainistiú agus trí acmhainní a fhrithpháirtiú;

26. MEASANN SÍ GUR GÁ athléimneacht shocheacnamaíoch a neartú i gcomhthéacs an spleáchais ar bhreoslaí iontaise, praghsanna fuinnimh méadaithe agus luaineacha, an gá atá le héifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht níos fearr san earnáil agus an sprioc aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050; MEABHRAÍTEAR DI seasamh an Aontais maidir le díchánachas breosla i gcomhthéacs chaibidlíocht EDT maidir le fóirdheontais iascaigh agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an córas cánachais do bhreosla muirí maidir le hearnáil an iascaigh, lena n-áirítear iascaigh leochaileacha ar mionscála; IS DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí atá molta ag an gCoimisiún maidir le comhar, eolas agus nuálaíocht na bpáirtithe leasmhara, chomh maith le scileanna an lucht saothair a neartú;

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoir níos fearr a chur ar fáil maidir le roghanna maoiniúcháin, staidéir indéantachta agus measúnuithe tionchair, chomh maith le meastóireacht ar bhainistiú acmhainneachta cabhlaigh agus ar riachtanais acmhainneachta comhlántacha chun tacú le haistriú fuinnimh a bheidh rathúil dreasaithe in earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais agus chun an t-aistriú sin a áirithiú;

28. TACAÍONN SÍ le cur chuige ón mbun aníos a úsáid, ó 2023, lena gcuirfear ar chumas pobal áitiúil iascaireachta agus dobharshaothraithe aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus riachtanais shocheacnamaíocha trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoi chláir CEMID 2021-2027;

29. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar chomhlachtaí eolaíocha dlús a chur leis an obair leanúnach chun táscairí sóisialta a fhorbairt a thuilleadh chun anailís a dhéanamh ar thuarascálacha socheacnamaíocha; AITHNÍONN SÍ go gcuirtear tionchair shocheacnamaíocha san áireamh cheana féin sna bearta bainistíochta, ach iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh forbartha i ndáil leis sin chun cinntí bainistíochta eolasacha a threisiú, agus na tionchair chríochacha ar na réigiúin is leochailí agus ar na réigiúin is forimeallaí á gcur san áireamh freisin;

*III. AG RANNCHUIDIÚ LE COSAINT AN PHLÁINÉID*

30. DEIMHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na prionsabail inbhuanaitheachta i mbainistiú iascaigh agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá trí cholún uile CBI a chur san áireamh, i.e. inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta;

31. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ do chaomhnú na bithéagsúlachta agus d'éiceachórais mhuirí a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, ar a mbraitheann stoic éisc shláintiúla a chuireann le slándáil bia agus le hearnáil iascaireachta inmharthana san Aontas;

32. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil sí toilteanach an bhithéagsúlacht a chosaint, go háirithe speicis agus gnáthóga íogaire a ndéanann gníomhaíocht iascaireachta, i measc nithe eile, difear dóibh, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, trí threalamh iascaireachta inbhuanaithe atá ann cheana a úsáid agus trealamh iascaireachta modhnaithe nó feabhsaithe, cleachtais iascaireachta agus trealamh nuálach nua atá ceaptha chun na críche sin a chur chun feidhme, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil; TUGANN SÍ dá haire a thábhachtaí atá bailiú sonraí cothrom le dáta chun bonn a thabhairt don chomhairle eolaíoch agus do na bearta eolaíocha bunaithe ar an gcomhairle sin; MEABHRAÍTEAR DI gur gá cistiú Eorpach an bhailithe sonraí a áirithiú chun na cuspóirí an-uaillmhianach sin a bhaint amach;

33. MEABHRAÍTEAR DI gurb é cuspóir CBI a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí a bhaineann le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus le rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia agus go gcuirfear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm maidir le bainistiú iascaigh; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an cur chuige bunaithe ar éiceachórais a neartú chun an dea-stádas comhshaoil a bhaint amach a bunaíodh tríd an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chur chun feidhme, chun a áirithiú go n-íoslaghdófar tionchair na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar an éiceachóras muirí agus go laghdófar díghrádú na muirthimpeallachta agus, I nDÁIL LEIS SIN, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhsheasmhacht agus ailíniú níos fearr an chur chun feidhme idir reachtaíocht chomhshaoil an Aontais agus CBI a mhéid is féidir, gach ceann acu laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí agus a gcuspóirí faoi seach;

34. AITHNÍONN SÍ an ról dearfach atá ag iascairí i gcomhthéacs déileáil le bruscar agus an bhagairt ó threalamh iascaireachta tréigthe, caillte agus diúscartha ar bhealach eile ar fhiadhúlra muirí á haithint ag an am céanna;

35. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair leanúnach atá á déanamh maidir le luachanna tairsí don uasráta básmhaireachta incheadaithe ó ghabhálacha speiceas íogair arna ndéanamh de thaisme, agus maidir leis an méid uasta incheadaithe de ghrinneall na farraige ar féidir a chailleadh nó dochar a dhéanamh dó de dheasca brú daonna, mar chuid de chur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart cothromaíocht a bheith ann idir bearta chun foghabháil speiceas íogair a laghdú, agus modh maireachtála traidisiúnta na bpobal iascaireachta cósta á chur san áireamh; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le heolas láidir eolaíoch maidir leis an éiceachóras muirí le modheolaíocht choiteann idir na Ballstáit chun na luachanna tairsí sin a thógáil;

36. MEABHRAÍTEAR DI go nglacfar an Comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí lasmuigh den dlínse náisiúnta, lena n-aithnítear go ndéantar limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAnna) a ainmniú agus a bhainistiú ar bhealach lena mbainfear amach cuspóirí sonracha fadtéarmacha maidir le caomhnú na bithéagsúlachta agus lena bhféadfar, i gcás inarb iomchuí, úsáid inbhuanaithe a bhaint as ar choinníoll go mbeidh sé comhsheasmhach leis na cuspóirí caomhnúcháin;

37. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, dá bhrí sin, d'úsáid trealamh mar shampla trealamh soghluaiste grinnill in MPAnna a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí eolaíochta is fearr atá ar fáil agus le cuspóirí caomhnúcháin gach MPA, agus gur cheart an tionchar iarbhír ar an gcomhshaol atá ag an trealamh éagsúil iascaireachta agus ag na modhanna éagsúla iascaireachta ar ghnáthóga agus speicis éagsúla a chur san áireamh ag brath ar na cuspóirí caomhnúcháin ar leith atá ag gach MPA;

38. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeadh toirmeasc ginearálta ar threalamh soghluaiste grinnill in MPAnna faoi 2030 ag teacht salach ar an treoir ón gCoimisiún atá ann cheana maidir le MPAnna a ainmniú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir le hiascaigh inbhuanaithe a bheith comhoiriúnach le MPAnna a bheith ann ag brath ar chuspóirí caomhnúcháin sonracha gach MPA; MEABHRAÍTEAR DI nár cheart tabhairt faoi thionscnaimh pholaitiúla a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar an earnáil iascaireachta agus ar phobail chósta chomh maith le srianta sonracha d'iascairí ach amháin ar bhonn togra reachtach; DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí ullamh dul i mbun idirphlé leis an gCoimisiún agus leis na páirtí leasmhara ábhartha uile maidir le conas tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar ghrinneall na farraige a íoslaghdú faoi chuimsiú CBI, agus aird á tabhairt freisin ar an bhféidearthacht sásraí leordhóthanacha cúitimh a chur ar fáil;

39. IS OTH LÉI nach ndearnadh aon staidéar tionchair chun tacú le teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíocht, cé go bhfuil tionchar socheacnamaíoch na mbeart atá beartaithe an-tábhachtach, go háirithe a mhéid a bhaineann le cabhlaigh iascaireachta shoghluaiste grinnill; i ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí measúnú tionchair cuimsitheach ar an bplean gníomhaíochta atá beartaithe bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil mar bhonn d'infheidhmeacht oibríochtúil agus comhréireach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus a dtréimhsí cur chun feidhme, maidir lena dtairbhí d'éiceachórais shláintiúla mhuirí i ndáil leis na cuspóirí caomhnúcháin agus sainiúlachtaí réigiúnacha, fo-réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh, lena n-áirítear na réigiúin is leochailí agus na réigiúin is forimeallaí, chomh maith le himpleachtaí airgeadais, socheacnamaíocha agus soch-chultúrtha;

40. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le rannchuidiú breise chun straitéis bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 agus bearta chun na críche sin a chur chun feidhme; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá borradh a chur faoi chur chun feidhme éifeachtach reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra agus CBI a ailíniú ar bhealach níos fearr le cuspóirí na reachtaíochta ábhartha nádúir agus comhshaoil;

41. TÁ SÍ TIOMANTA rannchuidiú leis an gcuspóir líonra comhtháite MPAnna dea-bhainistithe a chruthú agus, mar sprioc de chuid an Aontais, 30 % ar a laghad de limistéir mhuirí na mBallstát a chosaint, limistéir dá bhfuil aon trian faoi dhianchosaint, i gcomhréir le straitéis bhithéagsúlachta an Aontais; dá bhrí sin, AITHNÍONN SÍ an gá atá le bearta iascaigh a thabhairt isteach, i measc bearta eile a bhfuil gá leo chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugtar de chumhacht do na Ballstáit, trí bhíthin an réigiúnaithe, le Rialachán CBI agus an Rialachán maidir le Bearta Teicniúla, moltaí comhpháirteacha a mholadh maidir leis na bearta caomhnúcháin is gá bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus go bhfuil an obair sin fós ar siúl;

42. AONTAÍONN SÍ go bhfuil géarghá le feabhas a chur ar stádas dhaonra na n-eascann atá i mbaol criticiúil agus éifeacht an athraithe aeráide agus an tionchar antrapaigineach á gcur san áireamh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bearta uile-Eorpacha iad bearta éifeachtacha chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú, agus cur chuige fadtéarmach ag gabháil leo agus MOLANN SÍ machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an eascann atá ann cheana; MOLANN SÍ go ndéanfaí dea-chleachtais a roinnt idir na Ballstáit agus go ndéanfaí plé ar leibhéal na saineolaithe chun cabhrú leis na bearta is iomchuí a aimsiú chun gníomhaíocht láithreach éifeachtach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá painéal iomlán na mbrúnna antrapaigineacha lasmuigh d'earnáil na hiascaireachta a chur san áireamh chomh maith le conclúidí na meastóireachta ar phleananna bainistithe eascann atá beartaithe do 2024;

43. AITHNÍONN SÍ gur prionsabal lárnach den Chomhbheartas Iascaigh é uasleibhéil táirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach le haghaidh stoic éisc a shaothraítear ar bhonn tráchtála; CUIREANN SÍ I dTREIS go láidir go ndéanann gníomhaíochtaí daonna eile chomh maith le tosca comhshaoil mar shampla an t-athrú aeráide agus creachadóirí difear do stoic éisc agus dá bhrí sin TACAÍONN SÍ le forbairt na comhairle eolaíche atá bunaithe ar an éiceachóras agus ar ilspeiceas, mar shampla tionchar an athraithe aeráide, malartú nádúrtha speiceas agus speiceas mar shampla céiticigh, rónta agus coirméalaigh, ach gan a bheith teoranta dóibh, maidir le huastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach do na stoic a ndéantar difear dóibh, agus MEABHRAÍTEAR DI gur gá cur chuige cothrom a aimsiú lena gcuirfí san áireamh an brú ó na speicis sin chomh maith leis an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile ar éiceachórais mhuirí agus ar ghrinneall na farraige;

44. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir le creachadóirí a itheann éisc tionchar diúltach a bheith acu ar iomaíochas agus ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach dhobharshaothrú agus iascach na hEorpa; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta bainistíochta éifeachtacha éifeachtúla ar fud an Aontais a shainaithint go tráthúil agus cabhrú leis na bearta agus na réitigh nuálacha sin a fhorbairt chun an damáiste a dhéanann creachadóirí a bhfuil tionchar diúltach acu ar dhobharshaothrú a chosc nó a laghdú gan tionchar a imirt ar an éiceachóras ná gan speicis chosanta a chur i mbaol;

45. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ do na cuspóirí maidir le cur amú bia a laghdú, básmhaireacht éisc nach bhfuil gá léi a sheachaint agus nuálaíocht a spreagadh chun foghabháil a laghdú; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí iascaireachta a choinneáil ar leibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe, agus ar an ngá atá le meastachán éifeachtach a dhéanamh ar ghabhálacha dearbhaithe foriomlána agus ar uirlisí rialaithe comhréireacha;

46. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht reachtaíocht reatha an Aontais maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a bhaineann le caomhnú stoc éisc tráchtála; i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme, in ainneoin obair fhorleathan na mBallstát, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús a chur leis an meastóireacht sin a luaithe is féidir, agus leas á bhaint as an bhfaisnéis agus na sonraí forleathana taighde a chuir na Ballstáit agus na páirtí leasmhara ar fáil;

47. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá úsáid níos mó a bhaint as cur chuige éiceachórais i measúnuithe eolaíocha i mbainistiú iascaigh chun tionchar an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus ghníomhaíocht an duine a chur san áireamh chomh maith le creachadóirí a mbíonn tionchar acu ar stoic éisc. Beidh creat rialachais iascaigh iomlánaíoch comhtháite mar thoradh ar an gcur chuige sin lena rachfar i ngleic leis na comhbhabhtálacha idir critéir éiceolaíocha, shóisialta (critéir chultúrtha agus institiúideacha san áireamh) agus critéir inbhuanaitheachta eacnamaíche;

48. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint de neamhfhulaingt a chur i bhfeidhm ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, lena n-áirítear arna déanamh ag tríú tíortha, agus iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn lena ndéantar ró-iascaireacht a chomhrac agus le foghabháil agus gabhálacha speiceas atá faoi bhagairt a dhéantar de thaisme a laghdú ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta; MEABHRAÍTEAR DI na gníomhartha cur chun feidhme nua a ghlacadh faoin Rialachán maidir le Bearta Teicniúla (Rialachán (AE) 2019/1241) i gcomhairle leis na Ballstáit agus lena mbaineann an Chomhairle Chomhairleach ábhartha agus sonraíochtaí an ghairis eisiatóra turtar a chur san áireamh; LEAGANN SÍ BÉIM ina dhiaidh sin ar a thábhachtaí atá cothrom iomaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta agus an cuspóir atá le bearta comhchosúla le haghaidh allmhairí bia mara;

49. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá réitigh nuálacha i dteicnící iascaireachta chomh maith le teicnící iascaireachta atá i gcleachtas cheana féin chun an tionchar ar an gcomhshaol agus an lorg carbóin a íoslaghdú, chun roghnaíocht a mhéadú agus chun a áirithiú go n-íoslaghdóidh iascairí foghabhálacha agus gabhálacha speiceas íogair muirí a dhéantar de thaisme a mhéid is féidir agus go gcomhlíonfaidh siad an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír;

50. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé úsáid teicnící nuálacha a spreagadh i gcomhréir le cuspóirí CBI; AONTAÍONN SÍ gur cheart tacaíocht airgeadais a thabhairt don nuálaíocht agus le dreasachtaí sonracha; agus MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé sin níos ábhartha fós d'oibreoirí iascaigh agus dobharshaothraithe cósta ar mionscála a bhfuil corrlaigh bhrabúis ísle acu;

51. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá comhleanúnachas agus tacaíocht fhrithpháirteach a áirithiú le gach tionscnamh faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus le cuspóirí an Aontais agus na mBallstát a bhaineann, *inter alia*, leis an méid a leanas: an tslándáil bia, an tsláinte, an t-athrú aeráide, an comhshaol agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha talún agus muirí;

52. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na hionstraimí airgeadais atá ann cheana ó thaobh cuspóirí CBI a bhaint amach mar shampla cláir CEMID agus LIFE,, an Treoir maidir le Gnáthóga, an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a bhaint amach, ach CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá iarrachtaí cinntitheacha a dhéanamh chun deiseanna malartacha cistiúcháin a shainaithint go soiléir a luaithe is féidir;

53. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an réigiúnú, trí mholtaí comhpháirteacha a ghlacadh ar an leibhéal réigiúnach, chomh maith le bearta comhpháirteacha le tríú tíortha a shaothraíonn na stoic éisc chéanna, chun rannchuidiú le cur chun feidhme reachtaíocht iascaigh agus chomhshaoil an Aontais i ndáil le bearta bainistithe iascaigh agus lena cur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun tríú tíortha a spreagadh uaillmhian an Aontais a leanúint;

54. IS FEASACH DI a thábhachtaí atá forbairt inbhuanaithe earnáil an dobharshaothraithe san Aontas agus na dúshláin atá ann faoi láthair agus atá fós gan réiteach d'fhás na hearnála sin, lena n-áirítear na bacainní atá ann cheana a chuireann bac ar an infheistíocht in earnáil dobharshaothraithe an Aontais; IS FADA LÉI na treoirdhoiciméid a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a eisiúint chun tacú le cur chun feidhme a 'Treoirlínte straitéiseacha arna nglacadh ag an gCoimisiún in 2021 le haghaidh dobharshaothrú níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san Aontas don tréimhse 2021 go 2030'; TACAÍONN SÍ le fís shoiléir na gcuspóirí agus na ndúshlán atá le cur san áireamh agus leis na gníomhaíochtaí sonracha is gá chun go mbainfidh an earnáil sin a hacmhainneacht amach ó thaobh soláthar inbhuanaithe bia, forbairt eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta, go háirithe i gceantair thuaithe agus chósta ar fud an Aontais;

55. IS DÍOL SÁSAIMH DI an doiciméad ón gCoimisiún 'I dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas' agus na hiarrachtaí atá a dhéanamh ag an gCoimisiún tacú le forbairtí inbhuanaithe in earnáil algaí an Aontais; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfeirmeoireacht algaí athghiniúnach a bheith ina cuid shuntasach de bhithgheilleagar gorm an Aontais agus gur féidir léi deiseanna a chur ar fáil d'iascairí an Aontais agus do ghníomhaithe eile i gceantair chósta agus thuaithe chun a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a éagsúlú; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún chun ardán Eorpach trasearnálach geallsealbhóirí algaí (EU4Algae) a bhunú;

56. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le feabhsuithe a dhéanamh ar leas ainmhithe chun inbhuanaitheacht na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe a neartú; MOLANN SÍ don Choimisiún treoir a chur ar fáil maidir le leas ainmhithe uisceacha a fheabhsú, agus an fhéidearthacht phraiticiúil i mbainistiú iascaigh agus dobharshaothraithe á cur san áireamh, agus IARRANN SÍ AR an gCoimisiún an t-eolas eolaíochtbhunaithe faoi leas ainmhithe uisceacha a mhéadú a thuilleadh agus an taighde sin a chur san áireamh i bhforbairt beartas; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur sheol an Coimisiún glao ar lárionad tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh do leas ainmhithe uisceacha a roghnú agus a ainmniú agus MOLANN sí don Choimisiún forálacha a áireamh chun leas na n-iasc saothraithe a fheabhsú sna tograí arna bhfógairt aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe;

*IV. FEABHAS A CHUR AR RIALACHAS CBI*

57. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí táirgeoirí maidir le cuspóirí CBI a chur chun feidhme don iascach agus don dobharshaothrú araon, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról tábhachtach atá acu maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir caomhnú acmhainní muirí agus iomaíochas cabhlaigh agus, dá bhrí sin, an rannchuidiú a dhéanann siad ó thaobh na slándála bia; IS DEIMHIN LÉI go ndéanfar, trí na struchtúir sin a fheabhsú agus trí chruthú eagraíochtaí idirchraoibhe agus eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a chur chun cinn i gcás inar gá, feidhmiú cuí an tslabhra luacha a neartú a thuilleadh agus go rannchuideofar le cuspóirí CBI a bhaint amach, go háirithe trí raon feidhme na mbeart ar féidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a chur chun feidhme;

58. TUGANN SÍ DÁ hAIRE obair an Choimisiúin maidir le caighdeáin mhargaíochta; AONTAÍONN SÍ GUR GÁ comhsheasmhacht a áirithiú idir rialacha rialáil cothrománach an Aontais maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí agus na rialacha maidir le faisnéis tomhaltóirí atá sa Rialachán maidir le Comheagraíocht na Margaí agus AONTAÍONN SÍ go gcuidíonn faisnéis maidir le lipéid táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh;

59. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá obair na ngrúpaí réigiúnacha laistigh de na Ballstáit agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS rannchuidiú dearfach na ngrúpaí sin le cuspóirí CBI a chur chun feidhme; AITHNÍONN SÍ, mar sin féin, go bhfuil ualach oibre breise suntasach ann do na Ballstáit a bhfuil baint acu leis an réigiúnú; MOLANN SÍ, dá bhrí sin, don Choimisiún oibriú leis na Ballstáit chun nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin bliantúil a íoslaghdú, agus ar an gcaoi sin agus, ar an gcaoi sin, go ligfear do na páirtithe uile lena mbaineann páirt ghníomhach a ghlacadh san obair sin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tuilleadh treorach a thabhairt; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag comhairlí comhairleacha sa chomhthéacs sin agus laistigh de CBI ar bhonn níos ginearálta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar phróisis STECF ó thaobh comhsheasmhacht sna meastóireachtaí agus chun trédhearcacht agus soiléireacht a áirithiú do na Ballstáit;

60. AONTAÍONN SÍ go bhfuil an trédhearcacht tábhachtach maidir le critéir an leithdháilte a úsáidtear do chuóta iascaireachta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur faoi inniúlacht na mBallstát faoi chuimsiú an chreata a leagtar síos in Airteagal 17 de CBI atá sainiú na gcritéar maidir le deiseanna iascaireachta a leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta;

61. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil suaitheadh as cuimse ann le 3 bliana anuas in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, cobhsaíocht a chur chun cinn trí mheasúnuithe tionchair críochnúla a dhéanamh do na tograí reachtacha uile a bheidh ann amach anseo a meastar go mbeidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta acu, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, lena n-áirítear measúnú ar choimhdeacht agus comhréireacht na mbeart atá beartaithe agus measúnú a dhéanamh ar na tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta ar bhealach comhtháite cothrom;

62. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról na Pleanála Spásúla Muirí, bunaithe ar chur chuige bainistithe bunaithe ar éiceachórais, chun tacú le spriocanna caomhnaithe agus athchóirithe a bhaint amach agus chun tionchar díobhálach ghníomhaíochtaí an duine i limistéir chósta agus amach ón gcósta a mhaolú agus a íoslaghdú, chomh maith lena rannchuidiú le geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe agus an gá atá le cur chuige níos comhordaithe lena gcuirtear sineirgí idir réimsí beartais agus reachtaíocht san Aontas;

63. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, sa chomhthéacs sin, na spriocanna fadtéarmacha a comhaontaíodh maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a chur in úsáid in uiscí na mBallstát chun spriocanna aeráide a bhaint amach agus na srianta a bhaineann leis sin maidir le hoibriú na gcabhlach iascaireachta, neamhthuilleamaíocht an Aontais i dtáirgí éisc agus caomhnú muirí agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá, i ndáil leis sin, meánna iascach a chaomhnú agus féachaint an bhféadfaí feirmeacha gaoithe, iascaigh agus an dobharshaothrú maireachtáil i dteannta a chéile mar shaincheist choiteann Eorpach atá i gcomhréir le pleananna forbartha fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, agus a iarmhairtí ar earnáil na hiascaireachta agus ar chosaint gnáthóg muirí á n-íoslaghdú;

## *V. LEAS Á BHAINT AG CBI AS ACMHAINNEACHT NA NUÁLAÍOCHTA AGUS NA hINFHEISTÍOCHTA INBHUANAITHE*

64. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé beartaithe Comhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh (ETP) a bhunú d'Iascach agus do Dhobharshaothrú an Aontais; MOLANN SÍ gur cheart do chreat agus do struchtúr ETP a shainordú a shainiú ar bhealach níos fearr chun a chuspóirí a chomhlíonadh;

65. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS an easpa roghanna inmharthana atá ann faoi láthair d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite le haghaidh soithí iascaireachta agus dobharshaothraithe agus na bacainní teicniúla, rialála agus airgeadais ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na bhfoinsí fuinnimh sin; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart tacú le hoibreoirí iascaigh agus dobharshaothraithe i bpróiseas an aistrithe fuinnimh;

66. AONTAÍONN SÍ go bhfuil creataí infheistíochta iomchuí agus deiseanna cistiúcháin iomchuí ar fud an tslabhra luacha ríthábhachtach chun an t-aistriú fuinnimh a chumasú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE maidir leis sin go bhfuil CEMID rótheoranta chun an bhearna i dtreo na nuálaíochta inbhuanaithe a dhúnadh ar earnáil í atá an-éagsúil, atá ag brath den chuid is mó ar bhreoslaí iontaise agus arb iad gnólachtaí atá ar mionscála den chuid is mó is príomhthréith di; MOLANN SÍ don Choimisiún, dá bhrí sin, athbhreithniú a dhéanamh ar CEMID mar atá sé faoi láthair ionas gur féidir leis cabhrú le borradh a chur faoin aistriú fuinnimh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoir a chur ar fáil maidir le roghanna maoiniúcháin agus cúnamh airgeadais, agus na roghanna agus an cúnamh sin a fhorbairt, le haghaidh bearta lena ndírítear go sonrach ar astaíochtaí nialasacha nó teicneolaíocht agus infheistíocht ísealcharbóin in earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais;

67. TACAÍONN SÍ le forbairt agus úsáid na teicneolaíochta digití mar dheis chun feabhas a chur ar oibriú an chabhlaigh agus faireachán a dhéanamh ar raon níos leithne sonraí agus na sonraí sin a bhailiú chun bonn eolais a chur faoi na próisis eolaíocha agus chinnteoireachta, agus urraim do rialacha cosanta sonraí á háirithiú ag an am céanna agus méadú iomarcach ar an ualach riaracháin á sheachaint;

68. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá CEMID chun tacú leis an nuálaíocht, leis an digitiú agus leis an aistriú fuinnimh chomh maith le cistí eile de chuid an Aontais amhail Fís Eorpach, an clár LIFE agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé tábhachtach freisin feabhas a chur ar chomhar na mBallstát i dtionscadail taighde; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an staid reatha ar an leibhéal réigiúnach chun straitéis a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin agus chun athbhreithniú réasúnach a dhéanamh ar na roghanna maoiniúcháin chun tacú le haistriú fuinnimh i gcás chabhlach iascaireachta an Aontais agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá CEMID a shimpliú maidir le cabhair infheistíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh soithí a fheabhsú;

69. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le hathmhachnamh a dhéanamh ar a incháilithe atá soithí iascaireachta nua le haghaidh cistiú i gcomhréir le Rialachán CBI, le comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh agus le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun dícharbónú agus aistriú fuinnimh an chabhlaigh a chur chun cinn, úsáid trealaimh iascaireachta atá nuálach agus níos roghnaí a chumasú agus a bhrostú, sábháilteacht a mhéadú agus tarraingteacht a fheabhsú d'iascairí óga agus do ghairmeacha 'gorm' a bhaineann le hiascaigh, agus an ró-acmhainn agus an ró-iascaireacht á seachaint ag an am céanna;

70. TACAÍONN SÍ leis an tionscnamh ón gCoimisiún treoir shonrach agus bunachar sonraí cuimsitheach a fhorbairt maidir le hionstraimí maoiniúcháin de chuid an Aontais don aistriú fuinnimh in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe;

71. AONTAÍONN SÍ gur cheart an nuálaíocht a chúiteamh agus TACAÍONN SÍ le gradam bliantúil a chruthú don nuálaíocht inbhuanaithe san iascach, agus tacaíocht á fáil ó na comhairlí comhairleacha;

72. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tionscnamh ón gCoimisiún chun cur lena sholúbtha atá a mbainistiú ar an acmhainneacht iascaireachta i gcomhar leis an earnáil agus le tacaíocht airgeadais ón Aontas agus ar bhonn náisiúnta i gcás inarb incháilithe; CUIREANN SÍ IN IÚL gur bacainn iad uasteorainneacha acmhainneachta iascaireachta ar athrú struchtúrach i dtreo dhícharbónú an chabhlaigh iascaireachta agus go bhfuil siad iomarcach i gcórais bainistithe stoc éisc ina n-áirithítear bainistiú inbhuanaithe stoc éisc trí TACanna agus cuótaí bliantúla a shocrú nó i gcás iascaigh chósta ar mionscála ina n-úsáidtear trealamh iascaireachta éighníomhach chun díriú ar stoic áitiúla, nach mbainistítear ar leibhéal an Aontais agus ina bhfuil bearta bainistithe náisiúnta i bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athchóiriú a dhéanamh ar ríomh acmhainneacht chabhlaigh na mBallstát, agus ag an am céanna, an tonnáiste breise atá tiomnaithe don dícharbónú amháin á eisiamh aige ón ríomh sin freisin;

73. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mholadh go mbunófaí córas trédhearcach de chuid an Aontais chun aitheantas a thabhairt do tháirgeoirí agus iad a chúiteamh as bainistiú inbhuanaithe dobharshaothraithe a dhéanamh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus/nó lena gcumasaítear seirbhísí éiceachórais breise, chun táirgeoirí a spreagadh chun feidhmíocht chomhshaoil agus shocheacnamaíoch níos airde a bhaint amach don dobharshaothrú;

*VI. ‘COMHSHOCRÚ IASCAIGH AGUS AIGÉIN’ CHUN AN BEALACH A RÉITEACH DON TODHCHAÍ*

74. TUGANN SÍ DÁ hAIRE ‘Comhshocrú Iascaigh agus Aigéin’ an Choimisiúin chun an gealltanas comhpháirteach a athdhearbhú chun an beartas reatha a chur chun feidhme go hiomlán agus rannchuidiú leis an machnamh agus na measúnuithe is gá a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de CBI;

75. MEASANN SÍ GUR GÁ leanúint den obair ar inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta na n-iascach ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin, mar rannchuidiú le cosaint na n-aigéan agus le soláthar bia agus fostaíocht laistigh den Aontas a áirithiú.